

# An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

## Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2010

Injuries Board.ie

InjuriesBoard.ie
Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2010
Meán Fómhair 2011
PRN A11/1190
An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta



An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2010

Injuries Board.ie

# EOLAS TEAGMHÁLA

Ionad Seirbhísí ar oscailt:
Luan go hAoine, 8am go dtí 8pm

Ló-Ghlao Poblacht na hÉireann 1890 829 121
Ó Thuaisceart Éireann agus ón Ríocht Aontaithe 0870 876 8121

Bosca O.P. 8,
Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí.
www.injuriesboard.ie

I mí Iúil 2008, mar chuid de thionscadal aitheantais branda nua, athraíodh ainm oibre ón mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta nó PIAB go dtí InjuriesBoard.ie. Mar thoradh air sin, ar fud na tuarascála seo déanfar tagairt don eagraíocht mar InjuriesBoard.ie

# CLÁR

Réamhfhocal an Chathaoirligh 4
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh 6
Forléargas 10

**Alt 1:**
Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar theidlíochtaí cúitimh 12

**Alt 2:**
Na costais riaracháin a bhaineann le aghaidh a thabhairt ar éilimh dhíobhálacha pearsanta a laghdú 18

**Alt 3:**
Seirbhís shármhaith don chustaiméir a fhorbairt ó eagraíocht éifeachtach agus éifeachtúil le foireann dhíograiseach, chumasach ann 22

**Alt 4:**
Feasacht faoi InjuriesBoard.ie a mhéadú agus cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh 28

**Alt 5:**
Ráitis Airgeadais 32

**Aguisíní:**
Aguisín 1 – Próiseas InjuriesBoard.ie 50
Aguisín 2 – Cairt Eagraíochta & Comhaltaí agus Struchtúir Boird 53
Aguisín 3 – Anailís Gheografach na nÉileamh 55

# RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

IS FIÚ A THABHAIRT AR AIRD GUR PHRÓISEÁIL AN BORD DÍOBHÁLACHA DÁMHACHTAIN IAR-DHEIREADH NA BLIANA DE €829,997 LE DÉANAÍ, IN AGHAIDH TÁILLÍ ARBH FHIÚ €5,875 AR FAD IAD (TÁILLÍ RIARCHÁIN AN BHOIRD DE €1,100 SAN ÁIREAMH). THART AR €400,000 A BHEADH SA CHOSTAS PRÓISEÁLA INCHOMPARÁIDE FAOIN TSAMHAIL DLITHÍOCHTA ROIMHE SIN. BHEADH AN PHRÉIMH-CHOSTAIS MHÓR SIN I GCEIST FIÚ AMHÁIN I GCÚINSÍ INAR GHLAC AN DÁ THAOBH LE FÍRICÍ AN ÉILIMH, RUD A THARLA SA CHÁS SEO. LÉIRÍONN AN SAMPLA SIMPLÍ SEO AN CHÚIS GO RAIBH SAMHAIL NEAMHSHÁRAÍOCHTA AN BHOIRD DÍOBHÁLACHA I MEASC NA MBEART NUÁLACHA, TRAS-PHÁIRTÍ, POIBLÍ/PRÍOBHÁIDEACH IS MÓ A CUIREADH I BHFEIDHM SA TÍR SEO.

Sábháladh méid carntha de bhreis agus €400m, nó €80 milliún in aghaidh na bliana, ag dámhachtainí carntha de €900m san iomlán, ón mbliain 2006.Is dócha gur sábháladh cuid mhór níos mó ná mar a bhí luaite. Sa tuarascáil seo, cuirtear forchostais an Bhoird Díobhálacha, eadhon 8% de dhámachtainí cúitimh i gcomparáid le figiúr forchostais dlíthíochta de 46%, mar a d'fhionn an Bord Comhairleach um Árachas Gluaisteáin sular bunaíodh an Bord Díobhálacha, tráth inar caitheadh aghaidh a thabhairt ar gach cás maidir le díobháil phearsanta trí dhlíthíocht. Tuigtear, áfach, gur tháinig ardú suntasach ar na leibhéil costas dlíthiúil a bhí gearánaithe ag iarraidh maidir leis an neas-trian de chásanna a dtugtar aghaidh orthu anois trí dhlíthíocht. Fad atáthar ag fanacht ar fhoilsiú mhionsonraí nuashonraithe an tionchar a bheadh ann ná cur leis an líon coigiltis a bhaineann an Bord amach.

Bhain tomhaltóirí agus gnólachtaí tairbhe as préimheanna árachais laghdaithe, agaí slánúcháin níos tapúla agus próiseas thar a bheith trédhearcach agus cuntasach a thugann dámhachtainí ar an méid céanna is a dhéanann na Cúirteanna. Bhí préimheanna mótair, mar shampla, 29% níos ísle ag deireadh na bliana 2010 ná mar a bhí sa tréimhse chéanna in 2003 – an bhliain iomlán dheireanach ina ndearnadh measúnú ar dhíobhálacha pearsanta trí dhlíthíocht seachas tríd an tsamhail neamhsháraíochta a bunaíodh faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.

De bharr an líon leasanna dílsithe a bhaineann le díobhálacha pearsanta, tá sé beagnach dochreidte gur tháinig an tsamhail neamhsháraíochta reatha chun chinn ar chor ar bith. Tharla sé a buíochas den ghéarchéim ó thaobh costais árachais a bhí ann ag tús na mílaoise. Arna tabhairt go gcruthaíonn géarchéimeanna deiseanna, is dócha go mbeadh sé tráthúil anois measúnú a dhéanamh ar cibé an bhféadfaí an tsamhail neamhsháraíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne, d'fhonn buntáistí inláimhsithe ó thaobh costais agus seirbhíse a sheachadadh amach anseo. D'fhonn dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo, beidh ar dhéantóirí beartas agus geallsealbhóirí sna hearnálacha poiblí agus príobhháideacha fís agus samhlaíocht a bheith acu. Measaim go dtiocfaidh luach saothair an-mhaith as iarracht a dhéanfar i ndáil leis sin.

Maidir linne, mar Bhord agus mar Fheidhmeannacht, leanfaimid orainn ag déanamh measúnaithe ar an tslí is féidir linn tacú leis an gclár oibre iomaíochais agus inbhuanitheachta, fad a gcosnófar leas na n-éilitheoirí agus na bhfreagróirí. De bharr go ndeachamar sa tóir ar éifeachtúlachtaí i réimsí mar fháil, TF agus costais liachta, cuireadh ar chumas an Bhoird laghdú 20% ar tháillí freagróirí agus laghdú 10% ar tháillí éilitheoirí a fháil, laghduithe a cuireadh i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2011.

Rud eile a d'éascaigh sin ná an barrachas is mó a bhí againn riamh de €9.66 milliún, a taifeadadh in 2010, as a lean, i bpáirt mar gheall ar éifeachtúlachtaí oibríochta ach cuid mhór mar gheall ar thorthaí rathúla 21 agóid athbhreithnithe breithiúnacha freisin, a raibh mar thoradh orthu go raibh gá le soláthar níos ísle go suntasach inár gcuntais. Rinneamar agóid ar éirigh léi i gcoinne bille costas dlíthiúil os cionn €2m a d'iarr an gearánaí sa chás O'Brien (& an Dlí-Chumann) v PIAB a laghdaigh an Ard-Chúirt 80% ar chánachas.

Tá an-chreidiúint ag dul dár mBord as a dtiomantas agus a ndíograis ó thaobh an tsamhail neamhsháraíochta a chosaint ó agóidí dlíthiúla leanúnacha, go háirithe maidir leis na héilimh iomarcacha ar tháillí déanta acu siúd atá fós ag dul i dtaithí ar réadúlachtaí na samhla neamhsháraíochta.

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis na hAirí i ndiaidh a chéile agus leis na déantóirí beartas ar feadh na bpáirtithe a thacaigh chomh mór sin le hiarrachtaí an Bhoird. Is mian liom go sonrach buíochas a ghabháil leis an Aire reatha Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe TD, agus leis na hoifigigh ina roinn as ucht a gcuid cúnaimh le linn 2010. Táim ag súil le hobair dhearfach a dhéanamh leis an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta, Richard Bruton TD, agus le tacú lena chuid iarrachtaí ó thaobh geilleagar inbhuanaithe agus nuálach a chur chun cinn.

Dorothea Dowling
Cathaoirleach

# RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

BUNAÍODH AN BORD DÍOBHÁLACHA DE BHARR AN GHÉARGHÁ A BHÍ AG SOCHAÍ AGUS AG GEILLEAGAR A RAIBH A NDÓTHAIN ACU D'ARDUITHE ÁRACHAIS, D'ÉILIMH ÁIBHÉALACHA AGUS DE DHLÍTHÍOCHT CHOSTASACH AGUS FADA. GO BUNÚSACH, BHÍ AN TIMPEALLACHT ÉILEAMH AG DÉANAMH DOCHAIR DON IOMAÍOCHAS AGUS D'IONCHAIS FOSTAÍOCHTA, AG CUR LE FRUSTRACHAS AGUS STRUS NA N-ÉILITHEOIRÍ AGUS AG CRUTHÚ MOILLEANNA OLLMHÓRA INÁR GCÚIRTEANNA.

D'fhéadfá rá go bhfuil sé níos tábhachtaí anois ná riamh cheana deireadh a chur le costais nach gá leo, nó iad a mhaolú, ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnólachtaí an lae inniu a bhfuil níos mó brú orthu. Sa chomhthéacs seo, tagann dhá cheist chun cinn. Ar chuir an Bord Díobhálacha a shainordú i gcrích agus, maidir leis an mbrú níos mó atá ag teacht i gcónaí ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí, an féidir níos mó a dhéanamh chun cur le héifeachtúlachtaí agus chun brúnna costais ar an ngeilleagar nach bhfuil gá leo a laghdú?

An freagra simplí ar an dá cheist sin ná freagra dearfach, gan coinníoll. Cén fáth? Mar in imthosca nach gcuirtear i gcoinne na bhfíricí bunúsacha - mar a tharlaíonn i bhformhór mór na n-éileamh ar dhíobhálacha pearsanta - ní bhíonn samhail sáraíochta, bunaithe ar dhlíthíocht iomchuí, éifeachtúil nó éifeachtach ó thaobh costais.

Tacaíonn an taithí dhíreach atá againn ag an líne tosaigh, agus os cionn 25,000 iarratas á láimhseáil againn gach bliain, leis an gconclúid sin. Thaispeáin an taithí sin dúinn nach mbíonn éilimh, má bhreathnaítear orthu ina n-iomlán, chomh uathúil, neamhintuartha ná casta agus a d'iarrfadh roinnt daoine orainn a chreidiúint (tréithe nach dócha go mbaineann siad go huathúil le díobháil phearsanta). Dá bharr sin, is féidir éilimh a réiteach i bhfad níos tapúla, agus déantar sin, ar chostas atá go suntasach níos ísle ná dlíthíocht, fad a chinntítear leibhéil dámhachtana ag an leibhéal céanna is a dtabharfadh na Cúirteanna. Tacaíonn taithí an Bhoird leis na ráitis sin.

Léiríonn an taithí sin na nithe seo a leanas:

- Bíonn líon, próifíl agus nádúr na n-éileamh intuartha den chuid is mó agus bíonn thart ar 25,000 cás ann in aghaidh na bliana.
- Tá mar thoradh ar chleachtas luath-idirghabhála an Bhoird, ina mbíonn fíricí agus cúinsí cáis ar eolas ag an dá thaobh ag tús éilimh, gur réitíodh éilimh go luath agus go ndearnadh coigilteas carntha os cionn €200m ó 2006 ar aghaidh.
- Bíonn mar thoradh ar éilimh a phróiseáiltear iad tríd an mBord dámhachtainí ag an leibhéal céanna is a thugann na Cúirteanna ach déantar iad a mheasúnú i seacht mí i gcomparáid leis an bpróiseas dlíthíochta 3 bliana.
- Go mbíonn éilimh a phróiseálann costais tríd an mBord Díobhálacha, ag ráta 8%, i bhfad níos lú ná na costais dlíthíochta inchomparáide a admhaítear a bheith ag ráta 46%. Tá mar thoradh ar na costais phróiseála atá laghdaithe go suntasach coigilteas díreach €200m ón mbliain 2006.
- Lean deighilt agus próifíl na nDámhachtainí Dliteanais Phoiblí pátrúin leanúnach freisin. Is ionann Mótar agus thart ar thrí cinn as gach ceithre éileamh, agus bíonn deighilt sách cothrom idir éilimh maidir le Áit Oibre agus Dliteanas Poiblí.
- Tá samhail neamhsháraíochta an Bhoird go hiomlán féinmhaoinithe trí tháille bheag a chur i bhfeidhm. De ghnáth íocann an freagróir an táille sin (cuideachta árachais de ghnáth).

**Gnóthachtálacha a imfhálú:**

Cé gur gnóthachtálacha thar a bheith inmholta agus fiúntacha iad na gnóthachtálacha seo, luíonn sé le réasún i gcúinsí srianta an lae inniu, fiafraí conas is féidir linn a chinntiú go mbeidh na buntáistí a leanann astu imfhálaithe don Stát agus dár saoránaigh. Seo a leanas roinnt samplaí dár dtionscnaimh maidir leis sin:

*Costais phróiseála:*

Sular bunaíodh an Bord Díobhálacha chuir costais dlíthíochta 46% le costas éileamh. I gcomparáid leis sin, tá costas próiseála 8% an Bhoird 83% níos ísle, méid nach beag, agus tugann an Bord na dámhachtainí céanna leis na Cúirteanna.

*Laghduithe ar tháillí chun costais árachais a mhaolú:*

Ó dheireadh na bliana tá cead iarrtha agus faighte ag an mBord laghdú €200 (19%) a chur ar a tháillí d'fhreagróirí agus laghdú €5 (10%) a chur ar a tháillí d'éilitheoirí. Is ionann an laghdú €205 ar chostas sin in aghaidh an éilimh agus freagra díreach an Bhoird ar an timpeallacht eacnamaíoch nua.

*Athrú ar thimpeallacht na n-éileamh:*

Le dhá bhliain anuas tá laghdú €30 milliún tagtha ar luach na ndámhachtainí mar thoradh ar athrú ar chomhdhéanamh na n-éileamh de bharr fórsa saothair níos ísle agus laghdú 10% dá bharr sin ar an líon éileamh dliteanais fostóirí lena mbaineann luach níos airde.

Is fiú a thabhairt ar aird, d'ainneoin go leor tuairimíochta maidir lena mhalairt, nach bhfacamar fianaise ar bith ar an mborradh in éilimh dhliteanais phoiblí a ceapadh a bheadh ann mar gheall ar na fíor-dhroch-choinníollacha aimsire. Go deimhin, léiríonn ár sonraí go ndearnadh níos lú éileamh dliteanas poiblí in Eanáir 2010 ná mar a rinneadh in Eanáir 2009.

*Cultúr éileamh a mhaolú:*

Bhí go leor geallsealbhóirí, leasanna dílsithe san áireamh, ag súil le ardú ar líon na n-éileamh mar gheall ar an gcúlú reatha ar an ngeilleagar agus mar gheall ar an stair de bhoilsciú éileamh ar fud na cruinne i rith tréimhsí cúlaithe mar sin. Tá áthas orm a thuairisciú nach amhlaidh atá cúrsaí in Éirinn; tá roinnt beart tábhachtach curtha i bhfeidhm ag an gclár athchóirithe Árachais agus táimid ag baint tairbhe astu. Áirítear orthu sin:

1. Athruithe ar an Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004 a fhorchuireann suas le 10 bliain sa phríosún agus/nó fíneáil suas le €100,000 sa chás go n-aithnítear éileamh calaoiseach.
2. Línte ama srianta chun imscrúduithe a chur i gcrích agus le bheith mar threallús do dhilteanas a chinneadh go luath faoin Acht PIAB 2003.

Chuir na bearta thuas luaite, chomh maith le líon níos ísle daoine ag obair, ar an drochuair, líon níos ísle tréanfhostaíochta san fhoirgníocht, níos lú daoine a bheith ag tiomáint chun na hoibre agus uaithi, agus pá níos ísle ar feadh na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha srian ar líon agus ar chostas na n-éileamh, ar dhea-chúiseanna nó ar chúiseanna gur ábhar aiféala iad.

*Costais dhlíthúla a mhaolú:*

Is toradh nach féidir a sheachaint gur imir na coigiltis carntha €400m a sheachaid an Bord Díobhálacha le cúig bliana anuas tionchar ar thuillimh idirghabhálaithe, an lucht dlí go príomha, a raibh ról níos lárnaí acu sa phróiseas dlíthíochta a bhí ann roimh ré. Sa chomhthéacs seo bheadh sé saonta glacadh leis nach ndéanfaidh idirghabhálaithe mar sin iarracht agóid a dhéanamh i gcoinne modus operandi an Bhoird – mar atá an ceart acu a dhéanamh - fad a dhéanfadh siad iarracht a seirbhís a athshocrú mar a bheith riachtanach don phróiseas éileamh. Mar thoradh air sin - agus a bheith ar an eolas faoi tháillí dlíthiúla a bheith ag ardú le blianta beaga anuas - tá an Bord tiomanta do chostais dhlíthiúla a mhaolú agus do chur leis an bhfeasacht ar na buntáistí d'éilitheoirí má chuireann siad a gcuid éileamh ar aghaidh chuig an mBord go díreach.

# RÉAMHRÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bliain thábhachtach don Bhord a bhí in 2010 maidir leis sin. Tugadh cás O'Brien chun críche agus laghdaigh an Máistir Fómhais - ar iarratas ón mBord - na costais dhlíthiúla a bhíothas á lorg ina choinne go mór ó €2.1 milliún go dtí €400,000. I gcás eile a bhí níos lú - ach a léiríonn cad is féidir a bhilleáil ar na cásanna meánraonta lena mbaineann dlús níos airde - laghdaíodh bille de €55,000 ar chánachas go dtí €18,000. D'ainneoin na laghduithe sin, tá uafás ar an mBord i gcónaí gur cuireadh táillí chomh iomarcacha leo sin isteach sa chéad ásc.

Ábhar imní níos mó a bhí ann le blianta beaga anuas ná an dúshlán díreach a rinneadh chuig an mBord táillí dlíthiúla a admháil i roinnt cásanna díobhálacha pearsanta. Thionscain gnólacht dhlíthiúil amháin líon nach lú ná 21 Athbhreithniú Breithiúnach aonair ag iarraidh ar an gCúirt treoir a thabhairt don Bhord táillí dlíthiúla a íoc do gach cás. Díbheadh gach cás in 2010.

Léiríonn an soiléiriú a thug tabhairt i gcrích na gcásanna sin na buntáistí d'éilitheoirí a bhaineann le hiarratas a dhéanamh go díreach leis an mBord. Trí sin a dhéanamh, féadfaidh éilitheoirí táillí dlíthiúla suntasacha a shábháil, go minic thart ar €2,000, ach uaireanta chomh hard le €5,000. Mar thoradh air sin, tá raon tionscnamh á gcur chun cinn ag an mBord faoi láthair chun cur le feasacht agus inrochtaineacht na dtomhaltóirí.

**Forléargas Oibríochta 2010:**
Taispeánann sonraí deireadh bliana do InjuriesBoard.ie gur bronnadh cúiteamh arbh ionann é agus €187 milliún in 2010 i ndáil le 8,380 éilitheoir díobhálacha pearsanta. Taispeánann na huimhreacha laghdú €30m (13.8%) ar luach na nDámhachtainí ó 2008 d'ainneoin ardú ar líon na n-éileamh go dtí 26,964 (9%) sa tréimhse chéanna. Léiríonn an treocht sin athrú ar chomhdhéanamh na n-éileamh agus go sonrach laghdú 10% ar an líon éileamh dliteanais fostóirí lena mbaineann luach níos airde in 2010 mar thoradh ar leibhéil fostaíochta níos ísle.

Ag teacht le blianta roimhe seo, bhain trí cheathrú (74%) de na dámhachtainí in 2010 le díobhálacha ó thimpistí bóithre agus bhí an chuid eile deighilte idir timpistí san áit oibre (11%) agus in áiteanna poiblí (15%). B'ionann na dámhachtainí ab ísle agus ab airde in 2010 agus €500 agus €387,286 faoi seach agus bíonn beagnach dhá thrian de na dámhachtainí ar fad a dhéanann an Bord níos lú ná €20,000.

Le linn 2010 lean an Bord ar aghaidh ag feidhmiú ról a chreidim atá tábhachtach mar threallús do théarnamh náisiúnta na hÉireann trí réitigh agus dhámhachtainí a sheachadadh i dtréimhse ama níos tapúla ná mar a rinne an modh a bhí ann romhainn, an dlíthíocht, ag costas atá cuid mhaith níos ísle agus ag an am céanna ag brú préimheanna árachais síos. Ar an méid is lú, tugann próiseas dámhachtainí foirmiúil an Bhoird dámhachtain reachtúil laistigh 9 mí. Ní raibh ach seacht mí ar an meán inár gcreat seachadta in 2010.

Cuireann sonraí ón mBord Díobhálacha roinnt faisnéise staitistiúil thar a bheith tábhachtach agus iontaofa ar fáil maidir le cláir chosc timpistí san Áit Oibre agus Bóithre. Tugann ár staitisticí, atá comhsheasmhach le 7 bliain anuas, léargas is féidir brath air ar na cúiseanna is coitianta a bhaineann le timpistí agus an tionchar a bhíonn acu ar ár saoránaigh. Mar Bhord, táimid tiomanta an fhaisnéis seo a roinnt le réimsí seirbhíse poiblí eile d'fhonn na buntáistí airgeadais agus neamh-airgeadais a eascraíonn as cláir chosc timpistí. Leanann Ionad Seirbhísí an Bhoird, ar féidir le hÉilitheoirí agus Freagróirí (iad sin a fhreagraíonn d'éilimh) teacht air idir 8am agus 8pm Luan go hAoine, ar aghaidh mar threallús ar shoiléiriú idir na príomhpháirtithe, eadhon an páirtí díobhálaithe agus an páirtí goilliúnach (nó, uaireanta, an páirtí

cosanta). Déanann an Bord cóipeáil trédhearcach ar thuarascálacha liachta agus ar mhionsonraí eile a bhaineann le héilimh, rud a spreagann caidreamh luath idir iad sin a bhaineann go smior leis an bpróiseas, agus mar sin ag seachaint dlíthíocht sháríochta nach bhfuil gá léi.

Ábhar misnigh, mar gheall ar chomhthionchar an réitigh luath agus dámhachtainí foirmiúla an Bhoird, réitíodh formhór na n-éileamh in 2010 ar bhealach tráthúil agus comhthoiliúil. Baineann an méid eile le héilimh a scaoil an Bord ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear failí liachta, a bhfuil lasmuigh de réimse freagrachtaí reachtúla an Bhoird faoi láthair - cé gur moladh iad a chur san áireamh i roinnt forógraí páirtí réamhthoghchánaíochta.

Áirítear ar na cásanna eile a scaoil an Bord: éilimh a rinneadh níos casta de bharr díobhálacha idirghaolmhara a bhí ann roimh ré chomh maith le cásanna a léiríonn línte ama athshlánúcháin níos faide nach féidir tuairsiciú liachta a dhéanamh orthu laistigh dár línte ama reachtúla. Tá sé tábhachtach a aithint, áfach, go bhfuil na línte ama reachtúla leordhóthanach chun freastal ar fhormhór na gcásanna díobhála a chuirtear faoi bhráid an Bhoird.

**Conclúid:**

De réir ceann ar bith dá phríomhtháscairí feidhmíochta, tá na spriocanna a leagadh amach dó in 2004 seachadta agus, sa chuid is mó de chásanna, sáraithe ag an mBord Díobhálacha. Mar a léirímid sa Tuarasacáil seo, déanann an Bord iarracht cur go leanúnach leis an méid a dhéanaimid agus na buntáistí a eascraíonn do thomhaltóirí, don tsochaí agus don gheilleagar a dhaingniú. Ag tráth nach raibh mórán díospóireachta ann faoi mhodhanna nuálacha chun níos mó a bhaint amach le níos lú, dealraíonn sé go bhfuil moladh ag dul do chur i bhfeidhm níos leithne na samhla neamhsháraíochta. A mhéid agus is féidir leis an mBord Díobhálacha nó a bhaill foirne a bheith mar fhaisnéis do thionscnaimh ar bith, nó tacú leo, déanfaimid ár seacht ndícheall.

**Aitheantais:**

Idir an dá linn, táim go mór faoi chomaoin, mar is gnách, ag mo chomhghleacaithe ar an mBord agus ag ár bhfoireann fheidhmeannach agus ag ár mbaill foirne a thugann seirbhís ardcháilíochta i gcónaí, d’ainneoin na ndúshlán a chuireann an moratorium earcaíochta agus d’ainneoin na ndúshlán leanúnach a chuireann leasanna dílsithe faoin tsamhail. Molaim iad as an mbród atá acu as a gcuid oibre, an tuiscint atá acu ar chuspóir agus an tiomantas atá acu maidir le teacht ar réitigh ag gníomhú i seirbhís an leasa phoiblí.

Patricia Byron
Príomhfheidhmeannach

# FORLÉARGAS

## RÁITEAS MISIN

IS É RÁITEAS MISIN INJURIESBOARD.IE NÁ "AN BEALACH A RÉITEACH GO NEAMHSPLEÁCH DON CHÚITIMH ATÁ DLITE A THABHAIRT I GCRÍCH AR BHEALACH CÓIR, PRAS, FOLLASACH CHUN LEASA AN PHOBAIL".

AGUS SINN AG CUR ÁR MISEAN AGUS MANDÁID I GCRÍCH, RINNE INJURIESBOARD.IE AN MÉID SEO A LEANAS:

- BAINISTIÚ AR DÍREACH FAOI BHUN 27,000 ÉILEAMH DÍOBHÁLA PEARSANTA AGUS BHRONN 8,380 DÁMHACHTAIN FOIRMIÚIL;
- MEÁNMHÉID AMA DE 6.9 MÍ A BHAINT AMACH CHUN ÉILIMH A PHRÓISEÁIL - LAISTIGH DEN LÍNE AMA REACHTÚIL 9 MÍ;
- CÚITEAMH IOMLÁN €186 MILLIÚN A BHRONNADH AR ÍOSPARTAIGH TIMPISTÍ AR CHOSTAS RIARACHÁIN FAOI BHUN 9% DEN MHÉID IARMHÍR CÚITIMH. B'IONANN SIN AGUS LAGHDÚ SUNTASACH AR AN GCOSTAS RIARACHÁIN 46% SULAR BUNAÍODH AN BORD.

# CROÍ-CHUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

SEO A LEANAS NA SÉ CHUSPÓIR STRAITÉISEACH ATÁ AG INJURIESBOARD.IE MAR ATÁ LEAGTHA AMACH INÁR GCÉAD PHLEAN STRAITÉISEACH 2006 – 2010:

## CUSPÓIR 1

**MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR AN TSUIM CHÚITIMH A BHFUILTEAR INA TEIDEAL I GCÁS ÉILIMH MAIDIR LE DÍOBHÁIL PHEARSANTA A THAGANN FAOI SCÁTH INJURIESBOARD.IE.**

## CUSPÓIR 2

**NA COSTAIS RIARACHÁIN A BHAINEANN LE MEASÚNÚ AR ÉILIMH DHÍOBHÁLA PEARSANTA A THAGANN FAOI SCÁTH INJURIESBOARD.IE A ÍSLIÚ.**

## CUSPÓIR 3

**CULTÚR NUÁLACHTA AGUS FEABHAIS A CHUR CHUN CINN, TRÍNA GCOTHAÍTEAR EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH, SHOMHÚNLAITHE ATÁ ÉIFEACHTÚIL Ó THAOBH COSTAIS LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN.**

## CUSPÓIR 4

**SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A THABHAIRT CHUN CINN TRÍ PHRÓISEAS MEASÚNAITHE ÉILEAMH A CHUR AR SIÚL ATÁ FOLLASACH, ÁISIÚIL.**

## CUSPÓIR 5

**CUR LEIS AN TUISCINT AG AN BPOBAL AR INJURIESBOARD.IE AGUS AR NA BUNTÁISTÍ ATÁ LEIS.**

## CUSPÓIR 6

**CUR GO DEARFACH LEIS AN ATHRÚ AR AN TIMPEALLACHT RÉITEACH ÉILEAMH DÍOBHÁLA PEARSANTA IN ÉIRINN.**

LEAN INJURIESBOARD.IE AG OBAIR I DTREO NA GCUSPÓIRÍ SIN A BHAINT AMACH LE LINN 2010. LEAGTAR AMACH NA TIONSCNAIMH AGUS NA GNÍOMHARTHA AR TUGADH FÚTHU I RITH NA BLIANA IN ALT 1 GO 4 DEN TUARASCÁIL SEO.

# ALT 1

## MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

# ALT 1
# MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

## Dámhachtainí

I 2010, rinne an Bord 8,380 dámhachtain ag luach €186.63 milliún.

Is ionann dámhachtain agus luach an chúitimh a rinneadh le duine aonair i ndáil le héileamh maidir le Díobháil Phearsanta sa chás nach bhfuil díospóid ann faoi dhliteanas. Áirítear ann Damáistí Ginearálta do phian agus d'fhulaingt de bharr an ghortaithe go dtí seo agus amach anseo chomh maith. Is féidir le Damáistí Speisialta a bheith i gceist le dámhachtainí freisin as caillteanas airgeadais go dtí seo agus amach anseo e.g. caillteanas pá, costas cúraim liachta. Baineann na sonraí sa tuarascáil seo le luach iomlán na Dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir Damáistí Ginearálta agus Speisialta.

Déantar Damáistí a mheas ag úsáid an Leabhar Cainníochtaí, atá mar threoir ar leibhéil cúitimh in Éirinn (ar fáil ar www.injuriesboard.ie) agus a bhfuil ceanglas dlíthiúil ar an mbreithiúnacht tagairt a dhéanamh dó (an tAcht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004). Cinntítear leis sin sa chás go scaoileann an Bord roinnt cásanna chuig na Cúirteanna gur féidir an leibhéal céanna dámhachtainí a dhearbhú do ghortuithe comhchosúla, fad a thugtar aghaidh ar ábhair eile, mar dhíospóidí dliteanais, sa Chúirt. Tarlaíonn sin in thart ar aon trian de chásanna díobhála pearsanta, mar a bhítear ag súil leis. D'éirigh le próiseas riaracháin an Bhoird deireadh a chur le dlíthíocht nach gá léi, agus leis na costais a bhaineann léi, i gcás dhá thrian de na cásanna Mótair, Áit Oibre agus Dliteanais Phoiblí go léir eile.

### Líon agus Luach Dámhachtainí

Rinne an Bord a chéad dhámhachtain i 2005, i ndiaidh a bhunaithe i 2004. Leagann Tábla 1.1 líon agus luach na nDámhachtainí a rinneadh gach bliain ó 2006.


Tábla 1.1 Líon agus Luach na nDámhachtainí de réir na bliana

| | Líon Dámhachtainí | Luach Dámhachtainí |
|---|---|---|
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2010 | 8,380 | €186.63m |
| Iomlán | 39,649 | €900.33m |

### Dámhachtainí de réir chatagóir Éileamh

In 2010, bhain 74% de na dámhachtainí go léir le cásanna Dliteanas Mótair, agus bhain 11% le Dliteanas Fostóra agus 15% le Dliteanas Poiblí.

Fíor 1.1 % Briseadh Síos ar Dhámhachtainí 2010 de réir Catagóire





| | |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | 74% |
| Dliteanas Fostóra | 11% |
| Dliteanas Poiblí | 15% |

**Luach na nDámhachtainí de réir Catagóire**

Léiríonn Fíor 1.2 meánluach na ndámhachtainí de réir gach ceann de na catagóirí in 2010 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. Bhí meánluach na ndámhachtainí in 2010 (€22,271) 4% níos ísle ná mar a bhí in 2009. Féadfaidh cásualach an Bhoird a bheith éagsúil ó bhliain go bliain ag léiriú athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus an sreabhadh éileamh nua. Mar gheall air sin, bíonn éagsúlacht i meánluach na ndámhachtainí ó bhliain go bliain. In 2010 bhí tionchar ag laghdú ar an líon iarmhír éileamh Dliteanas Fostóra lenar bhain luach níos airde ar mheánluach foriomlán na ndámhachtainí, a bhuíochas, go príomha, don laghdú ar an bhfórsa saothair san fhoirgníocht throm.

Le linn 2010, agus ag teacht le blianta roimhe seo, ba iad na dámhachtainí sa chatagóir Dliteanas Fostóra ab airde, ag €28,176, rud a léiríonn nádúr na ngortuithe a fhaightear i dtimpistí mar sin, a bhíonn níos tromchúisí agus níos casta go minic. Léiríonn na figiúirí thíos na 8,380 dámhachtain a rinneadh, a raibh 6,205 díobh ina gcásanna Dliteanas Mótar, 1,286 ina gcásanna Dliteanais Phoiblí agus 889 ina gcásanna Dliteanais Fostóra. Tugann Alt 4 den tuarascáil seo eolas níos mionsonraithe maidir le taighde a rinneadh ar chatagóirí sonracha éileamh.


Fíor 1.2 Meánluach na nDámhachtainí de réir Catagóire 2010




**Raon Dámhachtainí – Dámhachtainí ab airde/ab ísle**

Léirítear na dámhachtainí ab ísle agus ab airde i bhFíor 1.3.

Fíor 1.3 Raon Dámhachtainí




*Nóta: rinneadh an dámhachtain seo in 2011

**Briseadh Síos ar líon iomlán na nDámhachtainí de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh**

Bíonn thart ar 63% de Dhámhachtainí InjuriesBoard.ie faoi €20,000 agus bíonn 90% faoi €38,000. Tá próifíl na n-éileamh díobhála réasúnta comhleanúnach i gcónaí ó tháinig an Bord i bhfeidhm. Bhain agus baineann na gortuithe i gceist le fíochán bog nó le bristeacha, nó le meascán den dá rud. Fuair thart ar 90% de na cásanna sin dámhachtainí cúitimh faoi €38,000 agus fuair dhá thrian dámhachtainí faoi €20,000.

Níor chóir beag a dhéanamh don intuarthacht a chuireann na sonraí sin ar fáil dóibh siúd a oibríonn le bainistiú riosca, athshlánúchán, cóireáil liachta, etc. Chomh maith leis sin, trí threochtaí timpistí a aithint tugtar deis d'árachóirí costas deiridh na n-éileamh gaolmhar a thuar go cruinn.

Is féidir teacht ar anailís gheografach mhionsonraithe ar dhámhachtainí in Aguisín 3.

# ALT 1
# MEASÚNÚ CÓIR, CRUINN A DHÉANAMH GO TRÁTHÚIL AR THEIDLÍOCHTAÍ CÚITIMH

Tábla 1.2 Briseadh Síos ar Líon Iomlán na nDámhachtainí in 2010 (de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh)

| Meánluach Catagóire (€'s) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| <20k | 4,204 | 388 | 690 | 5,282 |
| 20-38k | 1,488 | 343 | 406 | 2,237 |
| 38-100k | 461 | 141 | 178 | 780 |
| >100k | 52 | 17 | 12 | 81 |
| | 6,205 | 889 | 1,286 | 8,380 |

Is eisceacht i gcónaí iad éilimh díobhála pearsanta lena mbaineann luach níos airde, i staitisticí réamhBhoird agus Boird. Is é an líon ard éileamh lena mbaineann luach íseal nó meánluach atá mar threallús don bhille éileamh cúitimh bunúsach agus a bhfuil tionchar ar deireadh aige ar chostas na bpréimheanna árachais. Mar sin, bhí mar thosaíocht i gcónaí ag an mBord in 2010 a bheith mar threallús do línte ama níos tapúla agus do chostais riaracháin níos ísle, agus, ó bunaíodh é, an bunús costais sin a choimeád ag an leibhéal is ísle is féidir.

**Meánluach na nDámhachtainí de réir Cúige/ Catagóire 2010**

Léiríonn Tábla 1.3 briseadh síos ar mheánluach na ndámhachtainí de réir catagóire ar bhonn cúige. Bíonn luach níos airde ag dámhachtainí Dliteanas Fostóra ar feadh na gCúigí, de ghnáth, mar gheall ar nádúr na ngortuithe a fhaightear i dtimpistí san áit oibre. Léiríonn éagsúlachtaí aonair laistigh de chúigí nádúr faoi leith na dtimpistí a bhí i gceist.

Table 1.3

| BAILE ÁTHA CLIATH | MEÁNLUACH 2010 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €20,037 |
| Dliteanas Fostóra | €24,012 |
| Dliteanas Poiblí | €23,917 |

| AN CHUID EILE DE LAIGHIN | MEÁNLUACH 2010 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,322 |
| Dliteanas Fostóra | €30,879 |
| Dliteanas Poiblí | €23,239 |

| CONNACHTA-ULAIDH | 2010 MEÁNLUACH |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,830 |
| Dliteanas Fostóra | €32,783 |
| Dliteanas Poiblí | €27,722 |

| MUMHA | MEÁNLUACH 2010 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €19,928 |
| Dliteanas Fostóra | €29,201 |
| Dliteanas Poiblí | €24,089 |

## Líne Ama Measúnaithe

Tá sé de dhualgas ar InjuriesBoard.ie, faoin Acht PIAB 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de 9 mí den Fhreagróir toiliú do phróiseas an Bhoird. Léiríonn torthaí 2010 InjuriesBoard.ie gur níos lú ná 7 mí a bhí sa mheánmhéid ama a theastaigh chun measúnú a dhéanamh mar thoradh ar thiomantas leanúnach an Bhoird i leith éifeachtúlachta agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bpróiseas.

Fíor 1.4 Líne Ama Cúitimh




## Iarratais

De réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, ní mór gach éileamh díobhála pearsanta (seachas Failí Liachta agus roinnt catagóirí éileamh mar atá leagtha amach in Alt 4 den Acht) a chur ar aghaidh chuig InjuriesBoard.ie. Fuair InjuriesBoard.ie líon iomlán de 26,964 Iarratas ar éilimh dhíobhála pearsanta in 2010 (méadú 4% ar 2009). Bhain na hIarratais sin le héilimh díobhála pearsanta do Dliteanas Mótar, Dliteanas Poiblí agus Dliteanas Fostóra. Tháinig laghdú suntasach 9% ar éilimh faoi thimpistí san áit oibre agus tháinig ardú 6% agus 8% ar éilimh Dliteanas Mótair agus Dliteanas Poiblí faoi seach.

Mar thoradh ar bhunú InjuriesBoard.ie, an luas lena ndéileáiltear le héilimh agus comhsheasmhacht na ndámhachtaíní, rinneadh athrú suntasach ar an tslí a réitítear éilimh dhíobhála pearsanta anois.

Sular bunaíodh an Bord, tionscnaíodh idir 30,000 agus 35,000 imeacht díobhála pearsanta sna Cúirteanna gach bliain. Tá laghdú tagtha ar líon na gcásanna lena mbaineann dlíthíocht den sórt sin go dtí thart ar 14,000 in aghaidh na bliana. Tá sé sin ag teacht go mór leis an méid a rabhthas ag súil leis ón tús i.e. go mbainfear dhá thrian de na cásanna díobhálacha pearsanta ó dhlíthíocht nach raibh gá léi. De ghnáth, eascraíonn na cásanna deiridh sin sa chás nach bhfuil údáras ag InjuriesBoard.ie faoin Acht (i.e. gan cásanna Failí Liachta san áireamh) agus nach ndéileáileann sé leis na héilimh (e.g. sa chás go bhfuil díospóid faoi dhliteanas).

Réitítear cion suntasach d'éilimh dhíobhála pearsanta trí dhámhchtain fhoirmiúil ón mBord nó trí shocrú luath idir na páirtithe, arna éascú ag an mBord. Cé nach bhfuil sonraí iomlána ar fáil fós ó árachóirí, tugann treochtaí le tuiscint don Bhord go socraítear cás amháin in aghaidh gach dámhachtana foirmiúla a bhronntar. Cé go bhfuil sé éigeantach gach cás a chur faoi bhráid an Bhoird, ní bhíonn gá le gach uile ceann díobh dul chuig an bpróiseas dámhachtana iomlán. Trí Fhreagróirí a chur i dteagmháil le Freagróirí ag céim luath, trí dhíospóireacht oscailte agus trédhearcach a spreagadh, agus trí cóip de pháipéir an éilimh a thabhairt don dá thaobh, réitítear go leor cásanna trí shocrú comhaontaithe idir na páirtithe. Scaoileann an Bord cásanna díospóide mar d'fhéadfadh sé bheith níos iomchuí do na cásanna sin dul ar aghaidh chuig dlíthíocht. Téann na héilimh eile tríd an bpróiseas iomlán dámhachtain. Cinntíonn an scagadh agus an cinnteoireacht sin nach mbíonn cásanna gafa le próiseas gan gá, má bhíonn réiteach ar fáil trí dhíospóireacht/idirghabháil luath agus, ar ndóigh, trí chóras neamhsháraíochta.

# ALT 2

## NA COSTAIS RIARACHÁIN A BHAINEANN LE AGHAIDH A THABHAIRT AR ÉILIMH DHÍOBHÁLACHA PEARSANTA A LAGHDÚ

# ALT 2
# NA COSTAIS RIARACHÁIN A BHAINEANN LE AGHAIDH A THABHAIRT AR ÉILIMH DHÍOBHÁLACHA PEARSANTA A LAGHDÚ

## Gníomhaireacht Féinmhaoinithe

Seachas íocaíochtaí a fháil ón Státchiste do chostais bhunaidh, tá an Bord á mhaoiniú féin ó tá sé i bhfeidhm go hiomlán. Mar ab amhlaidh in 2009, coimeádadh an stádas sin arís in 2010. Tagann ioncam an Bhoird ón ioncam táillí a ghearrann sé - ar fhreagróir go príomha (nó ar a gcuid árachóirí) agus gearrtar táille iarratais bheag ar éilitheoirí.

In 2010, thaifead an Bord an barrachas is airde riamh, eadhon €9.66m. Meascán d'éifeachtúlachtaí oibríochta leanúnacha agus toradh rathúil 21 dúshlán athbhreithniú breithiúnach a bhí ansin, a d'fhág go raibh soláthar cuid mhaith níos ísle ag teastáil sna Cuntais.

Os rud é gur baineadh éifeachtúlachtaí oibríochta amach bhí an Bord in ann laghdú ar na táillí a ghearrtar ar fhreagróirí agus ar éilitheoirí, síos go dtí leibhéil 2004, a iarraidh ar an Aire ag deireadh na bliana. D'údaraigh an tAire Mary Hanafin an laghdú ar an táille d'fhreagróirí ó €1,050 go dtí €850 (20%) agus ar an táille d'éilitheoirí ó €50 go dtí €45 (10%) le héifeacht ón 1 Feabhra 2011. De bharr na laghduithe sin ar na táillí brúfar síos na costais foriomlána a thabhaíonn árachóirí go príomha agus ba chóir go mbrúfar préimheanna síos tuilleadh chomh maith.

Bhí béim leanúnach in 2010 ar luach ar airgead a aimsiú maidir leis na soláthairtí agus na seirbhísí a fhaigheann an Bord. Baineadh úsáid as tairiscint iomaíoch agus tarraingtí anuas ó chonarthaí rialtais lárnacha d'fhonn coigiltis a éascú. Go sonrach, rinneadh coigiltis faoi leith ar chostais teileachumarsáide agus TE in 2010.

Ag leanúint le beartas an Rialtais maidir le táillí gairmiúla a laghdú, rinne an Bord coigiltis €347,000 in 2010 ó thaobh an costas a bhaineann le tuarascálacha liachta neamhspleácha a fháil.

Tháinig laghdú ar sholáthar Féichiúnaithe riachtanach de €120,317 mar thoradh ar aird saindírithe agus ar nósanna imeachta inmheánacha feabhsaithe maidir le féichiúnaithe amuigh in 2010.

## Coigiltis costais mar thoradh ar Dhámhachtainí InjuriesBoard.ie

In 2010, sheachaid InjuriesBoard.ie an leibhéal cúitimh reatha ag costas seachadta 8.8% i gcomparáid le 46% faoin gcóras dlíthíochta a bhí ann sular bunaíodh an Bord. Níl costais seachadta InjuriesBoard.ie bunaithe ar chéatadán de mhéid na dámhachtana ach is táillí seasta d'éilitheoirí (€50) agus d'fhreagróirí (€1,050) iad de gháth. Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo caite, tugann sonraí ó scéimeanna cúitimh lasmuigh de réimse freagartha an Bhoird le tuiscint gur ábhar imní suntasach go fóill iad na costais dlíthíochta gaolmhara. Dealraíonn sé go meallann go leor leor cásanna díobhála pearsanta, a bpróiseáiltear iad lasmuigh de chóras neamhsháraíochta an Bhoird, costais dlíthíochta a sháraíonn an meánmhéid de 46%, mar a aithníodh i dTuarascáil 2004 de chuid an Bhoird Chomhairligh um Árachas Gluaisteáin.

In 2010, ghlac custaméirí de chuid InjuriesBoard.ie le 5,038 dámhachtain, as a lean glacadh le €108.24 milliún cúitimh. Tugtar na figiúirí ábhartha do 2007, 2008 agus 2009 i dTábla 2.1 thíos. Tá an líon dámhachtainí ar glacadh leo réasúnta comhsheasmhach le 4 bliain anuas. Bíonn tionchar ag an meascán éileamh, i.e. cibé acu Dliteanas Mótair, Poiblí nó Fostóra, chomh maith le déine na gcásanna laistigh de gach ceann de na catagóirí sin, ar luach an chúitimh.

Cé go ndearna an Bord 8,380 dámhachtain in 2010, chun críocha coigiltis díreacha a ríomh, ní áirímid ach dámhachtainí a nglacann éilitheoirí agus freagróirí leo. Is ríomh thar a bheith coimeádach ar thionchar an Bhoird atá ann mar sin, mar nach n-áirímid na cásanna a éascaímid ag na céimeanna luath dár bpróiseas

ná cásanna a scorann i rith ár bpróisis no díreach ina dhiaidh, nuair a thagann na páirtithe ar réiteach.

Is léir go n-eascraíonn coigilitis suntasacha i ndáil leis na gcásanna sin a éascaímid agus nár socraíodh sula raibh muid ann, sa chás nárbh fhéidir deireadh a chur le cás ach trí dhlíthíocht. Measaimid go réitítear suas le 8,000 cás idir páirtithe tar éis teagmháil ar dtús le hIonad Seirbhísí an Bhoird, a éascaíonn cumarsáid níos fearr idir an t-éilitheoir agus an freagróir. Níl fáil go fóill ar shonraí cuimsitheacha san fhormáid a éilíonn an tionscal árachais ar leibhéal shocruithe den sórt sin, d'ainneoin iarrachtaí ina leith le blianta anuas, ach thug an Banc Ceannais le fios go bhfuil sé i gceist acu an tsaincheist seo a fhiosrú tuilleadh.

Taispeánann Tábla 2.2 thíos costais seachadta iarbhíre InjuriesBoard.ie de €9.52m agus cuireann sin i gcomparáid leis an bhforchostas measta maidir leis an luach dámhachtana céanna a sheachadadh faoin gcóras dlíthíochta (46%) i.e. €49.79m. Taispeántar na coigilitis a dhéantar dá bharr sa rae ag an mbun. B'ionann coigiltis dhíreacha a rinne InjuriesBoard.ie in 2010 agus €40.27m. Níl ansin, áfach, ach cuid bheag de na coigiltis foriomlána nach féidir a ríomh go dtí go bhfaightear sonraí ón tionscal árachais san fhormáid riachtanach chun na coigiltis ar na héilimh a réitíodh trí luathghabháil/Ionad Seirbhísí an Bhoird a ríomh.

### Costais Dlíthiúla (Alt 44)

Thug an Ard-Chúirt breithiúnas i gcásanna Plewa v PIAB agus Giniewicz v PIAB an 19 Deireadh Fómhair 2010 maidir le costais a eisiúint a d'fhéadfaí a bhronnadh ar an Éilitheoir faoi Alt 44 den Acht PIAB 2003. Dhíbh an Ard-Chúirt an dá chás ar chúis leo gur tarraingíodh 19 cás eile siar ar shaincheisteanna comhchosúla. Is cinneadh tábhachtach é sin mar sheas sé ar gach uile bhealach an tslí a raibh an Bord ag cur a lánrogha i bhfeidhm i ndáil le costais faoi Alt 44 ar bhonn cás ar chás.

### Cáin a Ghearradh ar Chostais

Tugadh cás O'Brien v PIAB chun críche in 2010 agus rinne poiblíocht mór de gur ghearr Máistir Fómhais na hArd-Chúirte, Charles Moran, cáin ar Chostais an Iarratasóra. Laghdaíodh an bille a chuir aturnaetha an Iarratasóra i láthair thart ar 82% ar chánachas. Ar an tslí chéanna, laghdaigh an Máistir Fómhais James Flynn costais an Iarratasóra i gcás Lancaster v PIAB ó €55,000 go dtí €18,000, laghdú 67%. Léiríonn na cásanna sin an difear an-mhór idir an méid atá aturnaetha sásta a ghearradh agus/nó a éileamh agus iad ag súil go bhfaighidh siad an t-airgead sin ar ais agus na figiúirí a mheastar a bheith réasúnach sa dlí mar a bhreithnigh an bheirt Mháistrí Fómhais.

Tábla 2.1 Líon Iomlán agus Luach na nDámhachtainí ar Glacadh Leo ó InjuriesBoard.ie

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí ar Glacadh Leo | 5,000 | 5,670 | 5,387 | 5,038 |
| Luach Iomlán na nDámhachtainí ar Glacadh Leo | €102m | €131.34m | €118.2m | €108.24m |

Tábla 2.2 Costais Seachadta agus Coigilteas Costais Measta InjuriesBoard.ie

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán Chostas Seachadta InjuriesBoard.ie | €7.4m | €10.19m | €10.3m | €9.52m |
| Costais Dlíthíochta Inchomparáide | €47.15m | €60.41m | €54.4m | €49.79m |
| Coigiltis Iarbhíre (InjuriesBoard.ie Vs. Córas Dlíthíochta) | €39.75m | €50.22m | €44.1m | €40.27m |



# ALT 3

## SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

# ALT 3
# SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

## Seirbhís do Chustaiméirí

In 2010, lean InjuriesBoard.ie ag cur próiseas measúnaithe éileamh atá follasach agus áisiúil ar fáil. Soláthraíonn ionad seirbhísí do chustaiméirí an Bhoird:

- Eolas sonraithe agus cabhair d'éilitheoirí agus d'fhreagróirí a d'fheadfadh a bheith ann chun a n-éileamh a chur ar aghaidh, agus;
- Treoir shonraithe agus cabhair d'éilitheoirí faoin eolas a theastaíonn uathu chun a n-iarratas a chríochnú;
- Is féidir rochtain a fháil ar an ionad seirbhísí do chustaiméirí ag an uimhir ló-ghlao 1890 829 121 ó 8 am go 8 pm Luan go hAoine.

In 2010, fuair an t-ionad os cionn 55,000 glaoch, agus freagraíodh 97% díobh sin laistigh de 20 soicind i ndiaidh teachtaireacht fháiltithe/bheannachta uathoibríoch an-ghearr. Láimhseáladh os cionn 400,000 mír sa phost agus socraíodh os cionn 15,000 coinne liachta. Cabhraíonn an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí le héilitheoirí faoi mhíchumas (m.sh. daoine go bhfuil lagú éisteachta orthu) agus leo siúd a bhíonn ag iarraidh a n-éileamh a phróiseáil as Gaeilge. Is féidir leis an Ionad cabhair a thabhairt do dhaoine nach bhfuil mórán Béarla acu, lena n-áirítear coimisiniú aistriúcháin ar phríomhdhoiciméid. Bhí aiseolas dearfach ag teacht ó chustaiméirí a chuaigh i dteagmháil le InjuriesBoard.ie tríd an líne cabhrach agus tuairiscíodh ardleibhéil sásaimh.

Leagtar amach achoimre ar an aiseolas seo thíos:

- deir **100%** de na héilitheoirí seo gur déileáladh lena gcuid glaonna ar bhealach cúirtéiseach, cairdiúil agus cabhrach
- deir **96%** díobh gur cheap siad gur freagraíodh a gcuid ceisteanna go sásúil.
- deir **68%** d'éilitheoirí díreacha a rinneadh suirbhé orthu go raibh siad an-sásta leis an t-seirbhís eolais

## Teicneolaíocht na Faisnéise

Is rud lárnach é Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide chun príomhchuspóirí an Bhoird a bhaint amach. Tacaíonn ardán teicniúil agus príomh-fheidhmchláir an Bhoird leis na riachtanais ghnó reatha.

Chuir an Bord athbhreithniú TE i gcrích i rith 2010, agus aithníodh roinnt tionscadal le linn an athbhreithnithe sin. Príomhthionscadal is ea an t-infreastruchtúr reatha, a d'oibrigh go héifeachtúil don Bhord le cúig bhliana ach a theastaíonn a uasghrádú, a athsholáthar. Leis an gclár athsholáthair, déanfar na freastalaithe atá ann a chomhdhlúthú agus a athsholáthar le líon níos lú trí mheascán d'fhíorúlú agus athsholáthar freastalaithe. Cuireadh tús le réimse an tionscadail sin ag deireadh 2010 agus meastar go gcuirfear i gcrích é i lár 2011.

Tá athbhreithniú á dhéanamh freisin ar riachtanais an Bhoird maidir lena chóras bainistithe éileamh. Tá uasghrádú riachtanach eatramhach beartaithe le haghaidh 2011 ach, is córas gréasán-chumasaithe í an fhís straitéiseach don mheántéarma. Bheadh idirphlé níos fearr aige sin lenár bpáirtithe leasmhara (Éilitheoirí/Freagróirí/an Pobal Liachta/Dlí) agus tá an poitéinseal aige buntáistí móra a chur ar fáil ó thaobh seirbhíse agus luacha de. Déanfaidh an Bord a chóras reatha a athbhreithniú go mion in 2011 chun na feabhsuithe a theastaíonn a chinneadh d'fhonn moltaí comhaontaithe a chur i bhfeidhm in 2012.

Le linn deireadh 2010, cuireadh tús le tionscadal le go bhféadfaí gach íocaíocht a bhaineann le héileamh a dhéanamh trí Ríomhaistriú Airgid. Déanfar é sin a leathadh amach go hiomlán in 2011, trína mbainfear éifeachtúlachtaí breise amach sa réimse ardmhéide sin. Íocann an Bord tuairim is 18,000 sonrasc in aghaidh na bliana a bhaineann le héilimh. Rinneadh tuilleadh dul chun cinn in 2010 freisin maidir le húsáid an comhfhreagras leictreonaigh le páirtithe leasmhara éagsúla a leathnú.

**Saoráidí - Áitreabh**
Tá an Bord lonnaithe in áitreabh i dTamhlacht faoi láthair atá ar léas trí Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá clásal scoir ann in 2014. Roimh an am sin, athbhreithneoidh an Bord a riachtanais maidir le saoráidí, i.e. oiriúint don fheidhm, luach ar airgead agus mar sin de. Rachfar i mbun an athbhreithnithe sin in 2011.

**Saoráidí - Iniúchadh ar Fhuinneamh:**
Sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2009 (NEEAP) tá an Rialtas tiomanta a éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú 33% faoin mbliain 2020. Deirtear ann go bhfeabhsóidh an Earnáil Phoiblí a héifeachtúlacht fuinnimh 33% agus mbeidh sí mar eiseamláir a léireoidh do gach earnáil an méid is féidir a dhéanamh trí ghníomhartha tiomanta láidre.

Tá an Bord tiomanta don sprioc Rialtais sin agus in 2010, cuireadh Iniúchadh ar Fhuinneamh i gcrích le cabhair ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann. San iniúchadh, aithníodh roinnt réimsí le breithniú in 2011 a leagtar amach thíos chomh maith le gníomhartha a ndeachthas ina mbun in 2010.

*Gníomhartha a nDeachthas ina mBun in 2010*
Chuaigh InjuriesBoard.ie i mbun raon tionscnamh in 2010 chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Bhí an Bord páirteach i gClár na Seirbhíse Poiblí arna reáchtáil ag Fuinneamh Inmharthana Éireann agus as sin cuireadh Tuarascáil Fuinnimh i dtoll a chéile agus cuireadh tacaíocht meantóireachta ar fáil.
- Reáchtáil an tSeirbhís Soláthair Phoiblí in Oifig na nOibreacha Poiblí próiseas tairisceana in 2010 do sholáthróirí fuinnimh ar lorg an Bord a bheith san áireamh ann. Ar bhonn an phróisis sin, d'athraigh an Bord a sholáthróir leictreachais mar iarracht costais a laghdú.

Ní bheifear in ann tionchar na mbeart sin a chainníochtú i dtéarmaí spárála fuinnimh go dtí 2011.

*Gníomhartha atá beartaithe le hagaidh 2011*
Tá sé i gceist ag InjuriesBoard.ie a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh in 2011 agus ina dhiaidh sin trí dhul i mbun na dtionscnamh seo a leanas:

- Soilsiú: Lampaí feadáin fhluaraiseacha a uasghradú go dtí ballastaí leictreonacha agus soilse a athsholáthair le lampaí fluaraiseacha T5 nuair is féidir.
- Soilsiú: Soilsiú timpeallach braite sna pleananna oscailte.
- Trealamh Oifige: Líon na bhfreastalaithe a laghdú mar chuid d'athbhreithniú ar infreastruchtúr.
- Bainistiú Fuinnimh: Feasacht maidir le fostaithe.

## Acmhainní Daonna
Is príomhriachtanas é foireann dhíograiseach agus chumasach é chun ár Misean a sheachadadh. Ag deireadh 2010, bhí 74 duine fostaithe ag an mBord ó chúlraí éagsúla ó thaobh taithí chuí agus éagsúlachta de. Ní raibh tionchar mhoratóir an Rialtais ar earcú/ athsholáthar foirne soiléir ag deireadh na bliana. Tá an Bord faoi réir ag Creat Rialaithe Fostaíochta, ar aon dul le gníomhaireachtaí eile, ina leagtar amach uasmhéideanna foirne.

Bhí cruinnithe rialta ag Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird i rith na bliana. Bhí cruinnithe ag Comhchoiste Comhchomhairleach an Bhoird ar bhonn ráithiúil chun ábhair chaidrimh thionsclaíoch a phlé.

**Freagracht Shóisialta Chorparáideach**
D'eagraigh fostaithe de chuid an Bhoird roinnt gníomhaíochtaí bailithe airgid i rith na bliana le haghaidh carthanachtaí éagsúla, lena n-áirítear Cumann Ailse na hÉireann, Cumann Alzheimer na hÉireann agus eile.

# ALT 3
# SEIRBHÍS SHÁRMHAITH DON CHUSTAIMÉIR A FHORBAIRT Ó EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS ÉIFEACHTÚIL LE FOIREANN DHÍOGRAISEACH, CHUMASACH ANN

## Athbhreithniú ar Phróisis

Chuaigh InjuriesBoard.ie i mbun "Athbhreithniú ar Phróisis" in 2010 maidir le próisis agus córais inmheánacha feadh na heagraíochta chun éifeachtúlacht agus táirgiúlacht a uasmhéadú. Tá sé sin mar dhlúthchuid d'éiteas cultúir agus éifeachtúlachta an Bhoird, mar atá le blianta roimhe seo, ina ndéanann an Bord athbhreithniú/atheagrú go seasta chun costas níos ísle a bhaint amach agus níos lú ama a thógáil i ndáil le próiseáil.

Ba é an cuspóir (1) an próiseas atá i bhfeidhm a athbhreithniú, agus (2) moltaí a dhéanamh maidir le hathstruchtúrú an phróisis chun éifeachtúlacht agus táirgiúlacht a uasmhéadú.

Mar chuid den tionscadal sin, bhí ar fostaithe freastal ar cheardlann a bhí comhdhéanta de ghrúpaí de thuairim is 20 ball foirne as gach roinn/grád/leibhéal. D'éascaigh baill den tionscadal-ghrúpa na ceardlanna/fóraim díospóireachta. Iarradh ar bhaill foirne ón Lárionad Measúnaithe agus ón Ionad Seirbhísí freastal ar cheann amháin as sé cheardlann éascaithe. D'fhéach struchtúr gach ceardlainne ar phróiseas an Bhoird atá i bhfeidhm i dtrí chéim, bunaithe ar frámaí ama reachtúla.

## Iniúchadh Inmheánach

Is mír lárnach í an fheidhm iniúchta inmheánaigh chun an Bord a chur ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh tuarascálacha Iniúchóra Inmheánaigh a chlúdaigh Cumarsáid, Próiseas Oibríochta, Conradh Ionad Seirbhíse Seachfhoinsithe Tairiscint & Soláthar agus Rialú Buiséid, Párolla agus Taisteal & Cothabháil in 2010 agus cuireadh os comhair an Choiste Iniúchta iad.

## Rialachas Corparáideach

Oibríonn InjuriesBoard.ie de réir fhorálacha an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Oibríonn an Bord faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a bhfuil de chumhacht aige faoin acht seo maoiniú a sholáthar don ghníomhaireacht lena chur ar a cumas a dualgais a chomhlíonadh agus eolas ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta a lorg.

I dteannta a reachtaíochta rialaithe féin, caithfidh an Bord cloí le raon eile de riachtanais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais shainiúla seo a leanas:

### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag InjuriesBoard.ie lena chinntiú go gcloíonn sé leis an gcód cleachtais seo. Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gach bliain don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur cloíodh leis an gCód thuasluaite. I rith 2009, foilsíodh Cód Cleachtais leasaithe. Chuir an Bord cur i bhfeidhm na riachtanas breise deiridh i gcrích mar a leagtar amach iad sa chód leasaithe.

### Bainistiú Riosca

Chuir an Bord nósanna imeachta nua i bhfeidhm i rith na bliana chun déileáil le Bainistiú Riosca, lena n-áirítear Creat Bainistithe Riosca a fhorbairt atá lánpháirtithe go hiomlán le Clár Dearbhaithe Cáilíochta an Bhoird.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tagann InjuriesBoard.ie laistigh de scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun cloí leis an Acht. De réir an Achta thuas, más gá, tá ráitis shainleasa curtha i gcrích ag comhaltaí an Bhoird agus gach ball foirne a bhfuil post sainithe acu ag cloí le forálacha an Achta. Ní éilítear ráitis nialais a thuilleadh nuair nach mbíonn aon leasanna le dearbhú. Sa bhreis air sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm do nochtadh leanúnach leasanna Chomhaltaí an Bhoird agus Foirne ag Leibhéal Bainistíochta.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte, agus Leas ag an Obair, 2005 tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBord chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá ráiteas sábháilteachta glactha aige a chuimsíonn gach gné de leas na foirne.

### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá InjuriesBoard.ie tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá an Bord tiomanta do thimpeallacht oibre/ saoil chothrom a fhorbairt don fhoireann ar fad. Oibríonn sé socruithe freastail agus uaire oibre atá solúbtha faoi láthair.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é InjuriesBoard.ie faoi na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an Bord de réir Bheartas Cosanta Sonraí foirmiúil mar a comhaontaíodh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Cuireann sé seo an Bord chun tosaigh ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, dá bhrí sin ag cosaint cearta bunúsacha príobháideachta an duine agus ag feidhmiú smachta ar a mbealach a chuirtear eolas pearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann InjuriesBoard.ie faoi réimse freagrachta Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

### Soláthar

Is tairiscint iomaíoch é an nós imeachta a úsáideann an Bord de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscint iomaíoch. Áireofar leis sin go gcloífear le treoirlínte náisiúnta agus na Treoracha iomchuí ón AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát. Déanann an Bord athbhreithniú ar a chuid nósanna imeachta agus beartais soláthair go leanúnach agus tugann sé suas chun dáta iad.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Aithníonn InjuriesBoard.ie go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002, i ngach ponc ábhartha. Is é beartas an Bhoird a chinntiú go ndéanfar traiceáil ar gach sonrasc agus go n-íocfar iad go tapa roimh an dáta dlite chun críche úis agus táillí. Tá na nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe réasúnacha a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

### Cánachas

Deimhníonn InjuriesBoard.ie go gcomhlíonfar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an Bord ina eiseamláir agus é ag comhlíonadh a oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íocfar dliteanais chánach ar nó roimh na dátaí dlite iomchuí.



# ALT 4

## FEASACHT FAOI INJURIESBOARD.IE A MHÉADÚ AGUS CUR GO DEARFACH LEIS AN TIMPEALLACHT RÉITEACH ÉILEAMH

# ALT 4
# FEASACHT FAOI INJURIESBOARD.IE A MHÉADÚ AGUS CUR GO DEARFACH LEIS AN TIMPEALLACHT RÉITEACH ÉILEAMH

## Foilsiú Taighde

Chun a réimse freagrachta ó thaobh íocaíochtaí cúitimh a chomhlíonadh, bailíonn InjuriesBoard.ie sonraí substaintiúla ar dhíobhálacha agus ar na himthosca a mbíonn timpistí mar thoradh orthu i raon leathan suíomhanna. Leis na sonraí sin, faightear léargas tábhachtach ar na cineálacha díobhálacha agus timpistí a tharlaíonn do dhaoine. Is féidir leis an eolas sin a bheith úsáideach go háirithe do na daoine sin a bhfuil baint acu le bainistiú riosca agus cosc ar thimpistí, lena n-áirítear gníomhaireachtaí eile de chuid an stáit eile mar an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

In 2010, d'fhoilsigh an Bord athbhreithniú cuimsitheach ar dhíobhálacha a tharla de bharr timpistí in áiteanna poiblí. Tugann an t-athbhreithniú seo léargas suntasach maidir leis na cúiseanna a bhíonn le timpistí agus na hearnálacha nó áiteanna a mbíonn an riosca is mó ag baint leo agus táthar ag súil go mbeidh sé luachmhar, go háirithe do ghairmithe sláinte agus sábháilteachta ina measúnuithe riosca agus go mbeifear in ann acmhainní atá gann a dhíriú sna réimsí is géire a dteastaíonn siad.

Clúdaíodh na hathbhreithnithe sin go cuimsitheach sna meáin náisiúnta agus áitiúla. I measc na bpríomhthorthaí bhí:

### Athbhreithniú Dliteanas Poiblí

Sheas 72% de na 1443 dámhachtain Dliteanas Poiblí i tréimhse an Athbhreithnithe seo do mhná – níos mó ná dhá oiread na bhfear (2.5 uair). Tá a mhalairt fíor ó thaobh sonraí na dtimpistí san ionad oibre nuair nár sheas ach beagán os cionn an ceathrú cuid (26%) de dhámhachtainí do mhná.

Tharla beagán os cionn leath (51%) na dtimpistí Dliteanas Poiblí a athbhreithníodh i mbunaíochtaí faoi úinéireacht phríobháideach, tharla ceann as gach ceithre thimpiste (25%) in ionad miondíola / siopadóireachta, tharla ceann amháin as gach cúig thimpiste (19%) in óstán /teach tábhairne / cluboíche nó i mbialann agus tharla 7% díobh i saoráidí áineasa ar nós clubanna spóirt / giomnáisiamí agus pictiúrlanna. Rinneadh beagnach an ceathrú cuid de dhámhachtainí Dliteanas Poiblí (24%) in aghaidh Údáras Áitiúil agus bhain 8% eile díobh le seirbhísí iompair agus fóntais.

Is é seo an dara athbhreithniú cuimsitheach ar thimpistí in áiteanna poiblí arna fhoilsiú ar an mBord agus tá na torthaí le haghaidh 2009 ar aon dul leis na treochtaí a aithníodh in 2007 agus in 2008.

**Cúiseanna:** Sheas formhór na ndíobhálacha pearsanta (65%) in áit phoiblí do sciorradh, coir choise agus titim. Áiríodh ar na cásanna eile, buailte ag rud éigin a thit nó a bhí ag imeacht san aer (9%), díobháil de bharr innealra (4%), dónna/ scóladh (3%) agus nimhiú bia (1%).

**An Cineál Díobhála:** Léiríonn athbhreithniú ar na cineálacha díobhála a fuarthas go bhfhaigheann go leor íospartach díobhála dhá dhíobháil ar a laghad. Is leonadh (42%) é an díobháil is coitianta, ina dhiaidh sin tá bristeacha (33%), brú craicinn (32%) agus stolltaí (20%).

### Athbhreithniú Dliteanas Fostóra

Chuir InjuriesBoard.ie tús leis an bpróiseas in 2010 chun an dara Plean Straitéiseach Cúig Bliana dá chuid (2011 - 2015) a leagan amach.

Mar chuid den phróiseas sin, bhí cruinniithe ag Feidhmeannaigh Sinsearacha an Bhoird le páirtithe leasmhara éagsúla chun a n-ionchur a fháil ar raon leathan topaicí, lena n-áirítear:

- na príomhchuspóirí, aschuir agus straitéisí gaolmhara, lena n-áirítear úsáid acmhainní an Bhoird
- an gá atá lena chinntiú go mbainfear an úsáid is tairbhiúla, is éifeachtaí agus is éifeachtúla as acmhainní an Bhoird

Bhíothas i dteagmháil leis na heagraíochtaí seo a leanas:

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Chónaidhm Tionscail Fhoirgníochta, Cónaidhm Árachais na hÉireann, An Tascfhórsa do Dhaoine Féin-Árachaithe, Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát: Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, an tSeirbhís Chúirteanna, Cumann Bróicéirí na hÉireann, Comhlachas Tomhaltóirí Éireann agus IBEC.

### Clár Tacaíochta / Urraíochta

Ba mhór ag InjuriesBoard.ie urraíocht a thabhairt do thionscnamh bailithe airgid an 'Damhsa Mhóir Tacaigh le do Chontae' ar mhaithe le hOspidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill, i Meán Fómhair 2010. Ba é an an chéad fiontar urraíochta dá leithéid ag InjuriesBoard.ie agus leis an Damhsa Mór bailíodh níos mó ná €50,000 le haghaidh Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill. Úsáideadh an t-airgead go léir a bailíodh ón imeacht sin chun Meaisín Ainéistéiseach a cheannach don ospidéal. Mar Ghníomhaireacht a oibríonn gach lá le híospartaigh timpistí, lena n-áirítear leanaí, aithníonn an Bord an dea-obair a dhéanann an fhoireann dhíograiseach in Ospidéal Shráid an Teampaill ar bhonn laethúil, ní hamháin do leanaí breoite agus gortaithe, ach ag tacú le tuismitheoirí ag tráth fíor-dheacair ina saol. In 2010, rinneadh an Bord 615 dámhachtain le leanaí ar fud na hÉireann. Tagann an obair túslíne a dhéanaimid le hathshlánú leanaí agus a dteaghlach le chéile agus táimid aontaithe inár n-iarrachtaí iad a thabhairt ar ais ina sláinte agus a gcáilíocht sláinte a thabhairt ar ais dóibh.

# ALT 5

## RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

# ALT 5
# RÁITIS AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

| Clár | Leathanach |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 35 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 36 |
| Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmhéanaigh | 37 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 38 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 39 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 40 |
| Clár Comhardaithe | 41 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 42 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 43 |

# Eolas Ginearálta

## Comhaltaí an Bhoird

Dorothea Dowling - Cathaoirleach
An Seanadóir Joe O'Toole
Patricia Byron
John Fay
Tom Noonan
Jerry Fitzpatrick
Ann Fitzgerald
Mary O' Dea (Scortha Eanáir 2010)
Matthew Elderfield (Ceaptha Feabhra 2010 & Scortha Meitheamh 2010)
Bernard Sheridan (Ceaptha Meitheamh 2010 & Scortha Deireadh Fómhair 2010)
Tanya Holly
Frank Cunneen
Professor Denis Cusack

## Oifig

Teach Grain
Halla an Mhalartáin,
Cearnóg Belgard Ó Thuaidh
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24.

## Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2.

## Baincéirí

Banc na hÉireann
An tSráid Mhór
Tamhlacht
Baile Átha Cliath 24.

## Aturnaetha

Arthur Cox & Co.
Ionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2.

## Láithreán Gréasáin

www.injuriesboard.ie

# ALT 5
# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 ar an mBord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear air:

- Polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
- Breithiúnais agus meastachain a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábharthach sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

*Thar ceann an Bhoird*

Jerry Fitzpatrick
19ú Aibreán 2011

*Thar ceann an Bhoird*

Joe O' Toole
19ú Aibreán 2011

## Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmhéanaigh

Thar ceann Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir le córas airgeadais inmheánach den sórt sin ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh earráide ábharthaí. Tugann an córas deimhniú réasúnach go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí ábharthacha agus mírialtachtaí a chosc nó a aimsiú laistigh de thréimhse thráthúil.

**Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe**
Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí;
- Coiste Iniúchta a bhunú le comhairle a chur ar an mBord maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.

Leanann an Bord de bheith ag forbairt agus ag feabhsú próisis bhainistíochta chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a íoslaghdú;
- measúnú a dhéanamh ar oibriú chostais rialuithe áirithe i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánach bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, agus córas chleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord tríd an gCoiste Airgeadais;
- ráiteas faoi shreabhadh airgid míosúil le hanailís ar chatagóirí ioncaim agus caiteachais mhóra, a athbhreithníonn Coiste Airgeadais an Bhoird;
- feidhmiú chóras cuntasaíochta airgeadais – tá córas bogearrraí ríomhaire bunaithe ag an mBord lena n-áirítear pacáste cuntasaíochta chun na rialuithe airgeadais inmheánaigh a éascú.

Tá Coiste Iniúchta agus gnólacht iniúchóirí gairmiúla neamhspleácha ceaptha ag an mBord chun dul i mbun feidhme iniúchta inmhéanaigh. Oibríonn an fheidhm iniúchta inmhéanaigh de réir Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit. Cuirtear le hobair an iniúchta inmheánaigh trí anailís a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an mBord. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú bliantúil ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Bunaíodh Coiste Airgeadais chun ráitis airgeadais bhliantúla agus buiséid bhliantúla a athbhreithniú agus forléargas a dhéanamh ar nósanna imeachta airgeadais go ginearálta. Ceadaíonn an Príomhfheidhmeannach an anailís riosca agus na pleananna iniúchta inmheánacha agus tá siad faoi réir formhuinithe an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchta agus faoi réir fhaomhadh an Bhoird.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe**
Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

**Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit**
D'iarr an Bord tarscaoileadh ón riachtanas sa Chód Cleachtais Plean Fála Corparáidigh a bheith aige. Tá machnamh á dhéanmah ag an Roinn faoi sin faoi láthair. Seachas sin, deimhním gur cloíodh le Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010.

**Dorothea Dowling**
Cathaoirleach

# ALT 5
# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

### Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá na ráitis airgeadais, a hullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na cuntais á n-ullmhu ná dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Bhoird, ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme. Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dheánamh do bhreithnuithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíochta agus lena n-oibríocht. Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

### Scóp Iniúchta na Ráiteas Airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Bhoird, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a ndéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Chomh maith leis sin, léigh mé an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta orthu a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhair dhealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

### Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin. Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

### Ábhair lena dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- má thugann m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura mbíonn an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Andrew Harkness
don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
agus thar a cheann
30 Meitheamh 2011

## Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

### Bunús an Ullmhaithe

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil de réir chleachtas cuntasaíochta atá glactha go ginearálta agus tá siad san fhoirm a comhaontaíodh leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra a luaitear sna ráitis airgeadais.

### Ioncam ó Tháillí

Tá ioncam ó tháillí comhdhéanta de Tháillí Éilitheoirí agus Freagróirí. Aithnítear táillí éilitheoirí ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear Táillí Freagróra nuair a thoiltear chuig próiseas measúnaithe an bhoird.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a mheastar a laghdóidh sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáidigh mheasta mar seo a leanas:

| Áitreabh Léasachta | An méid blianta atá fágtha ar an léas | |
|---|---|---|
| Crua-earraí/Bogearraí TF | 25% | Líne Dhíreach |
| Trealamh Oifige | 20% | Líne Dhíreach |
| Fearais & Feistis | 12.50% | Líne Dhíreach |
| Troscán Oifige | 12.50% | Líne Dhíreach |

### Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an díolúine seo le hús taisce. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach i gceist (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

### Léas Oibríochta

Cuirtear íocaíochtaí faoin léas oibríochta chun muirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

### Aoisliúntas

